Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9912/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0150(NLE)**

**UD 122**
**COLAC 52**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le modhnuithe ar Fhoscríbhinn 2 agus ar Fhoscríbhinn 2A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile |

**CINNEADH (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir i ndáil le modhnuithe ar Fhoscríbhinn 2 agus ar Fhoscríbhinn 2A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ('an Comhaontú'), shínigh thar ceann an Aontais é de bhua Chinneadh 2012/734/AE ón gComhairle[1]. De bhun Airteagal 353, mír 4 den Chomhaontú, tá Cuid IV den Chomhaontú á cur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 i leith idir an tAontas, Nicearagua, Hondúras agus Panama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith idir an tAontas agus an tSalvadóir agus Cósta Ríce, agus ón 1 Nollaig 2013 idir an tAontas agus Guatamala.

(2) De bhun Airteagal 345, mír 2(a)(iv) den Chomhaontú agus Airteagal 36 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, féadfaidh Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir ('an Chomhairle Comhlachais') arna bunú le hAirteagal 4 den Chomhaontú a chinneadh na bhFoscríbhinní d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú.

[1] Cinneadh (2012/734/AE) ón gComhairle an 25 Meitheamh 2012 maidir le Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach Chuid IV den Chomhaontú sin maidir le cúrsaí trádála (IO L 346, 15.12.2012, lch. 1)

(3) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Foscríbhinn 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) agus Foscríbhinn 2A (Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú agus den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, atá bunaithe ar Chóras Comhchuibhithe ('CC') 2017, chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a ailíniú le CC nuashonraithe is infheidhme ó 2022. Áirítear sna hailínithe sin na athruithe a tugadh isteach le CC 2022 ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha i bhFoscríbhinn 2 agus ar Nóta 4, mír 1(c) agus (d) a bhaineann leis na táirgí i gCaibidlí 61 agus 62 d'Fhoscríbhinn 2A. Ar mhaithe le soiléireacht, agus an líon leasuithe atá le déanamh ar Fhoscríbhinn 2 á gcur san áireamh, ba cheart an Fhoscríbhinn sin a ionadú ina hiomláine. I bhFoscríbhinn 2A d'Iarscríbhinn II, níor cheart ach Nóta 4 a ionadú.

(4) Is iomchuí a bhunú an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle Comhlachais, ós rud é go mbeidh éifeacht dlí ag an gCinneadh sin san Aontas.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhcleachais a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir ar an dhréachtchinneadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha..

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*